Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Scéim Deontas Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2026

Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus shínithe trí ríomhphost chuig community@dublincity.ie faoi **13.00 Dé hAoine an 20 Feabhra, 2026.**

**Léigh na treoirlínte agus na téarmaí & coinníollacha seo a leanas go cúramach, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais ar líne le haghaidh Scéim Deontas Pobail 2026**

Tá an t-eolas a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo ceaptha chun tuiscint a thabhairt d'iarratasóirí féideartha ar an bpróiseas trína ndéantar iarratais ar mhaoiniú a mheas agus a fhaomhadh, agus ní mhaítear gur léirmhíniú dlíthiúil atá ann.

## Réamhrá agus Aidhm

Cuireann Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúsacha, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá lonnaithe i limistéar riaracháin Bhaile Átha Cliath nó atá ag freastal air. Faoin Scéim, is féidir le grúpaí pobail nó deonacha iarratas a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe don phobal áitiúil. Ní mór go mbeadh baint ag iarratais le haon phríomhréimse tosaíochta ar a laghad le go mbeidís incháilithe um breithniú.

**Príomhréimsí Tosaíochta**

- Forbairt Pobal agus Saoránacht Ghníomhach
- Forbairt Timpeallachta
- Daoine Breacaosta
- Óige
- Ionchuimsiú Sóisialta agus Idirchultúrachas
- Ealaíon, Cultúr agus Oidhreacht
- Sláinte agus Folláine

**Príomhthéamaí**

- Áineas
- Oideachas
- Timpeallacht
- Féile agus Ócáid
- Leanaí & daoine óga
- Daoine breacaosta
- Daoine faoi mhíchumas
- Daoine i mbaol Eisiamh Sóisialta / Eacnamaíochta
- Sláinte agus Folláine

## Cineál Deontas

**Is é an maoiniú uasta atá ar fáil do Dheontas Pobail an Limistéir Áitiúil ná €1,000.**

Is é aidhm an Deontais ná tacú le grúpaí áitiúil a oibríonn i gceann de na réimsí tosaíochta nó ar phríomhthéama. Is raon leathan é agus áirítear leis na nithe seo a leanas (agus níl sé teoranta dóibh):

- Imeachtaí Cultúrtha Áitiúla
- Cumainn Phobail / Comhairlí
- Daoine breacaosta
- Teaghlaigh
- Turais Lae
- Stair / Cultúr Áitiúil
- Imeachtaí idirghlúine
- Grúpaí Áitritheoirí
- Folláine
- Féilte/imeachtaí áitiúla
- Grúpaí tacaíochta / seirbhísí áitiúla
- Cóisirí Séasúracha / féiltiúla
- Imeachtaí / tionscadail Samhraidh
- Daoine Óga agus grúpaí don óige
- Coinneáil gníomhach
- Stair Áitiúil
- Grúpaí garraíodóireachta/ timpeallachta
- Grúpaí Fear / Ban
- Feabhsúchán Comharsanachta Áitiúla
- Grúpaí sainleasa do dhaoine faoi Mhíchumas

**Is ionann an maoiniú atá ar fáil don Deontas Oideachais Aosach agus €200 - €800 in aghaidh gach iarratasóra.**

Is é aidhm an deontais seo ná tacú le foghlaim Neamhfhoirmiúil a d’fhéadfadh a bheith struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha. Clúdaíonn sé raon gníomhaíochtaí agus topaicí lena n-áirítear na rudaí seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh;

- Ealaíona agus Ceardaíocht
- Folláine Meabhrach agus Fhisiciúil
- Ceol agus Drámaíocht
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Scileanna TF / Meán Sóisialta
- Forbairt Phearsanta
- Cócaireacht
- Turais Oideachais
- Cóiriú Bláthanna
- Cultúrtha
- Aclaíocht / Ióga / Pilates
- Forbairt Grúpaí Áitritheoirí
- Grianghrafadóireacht
- Grúpaí i mbaol Eisiamh Sóisialta

- Grúpaí Fear / Ban

Ba chóir soláthar na gcúrsaí a eagrú ar bhonn bloc de 5 / 10 / 15 cinn de sheisiún agus mairfidh gach seisiún uair go leith. Is féidir an Deontas a úsáid chun teagascóir / múinteoir a íoc nó chun íoc as ábhair an chúrsa lena mbaineann.

## Cáilitheacht

- Ní mheasfar ach iarratais ó eagraíocht neamhbhrabúsach, phobalbhunaithe agus/nó atá san earnáil phoiblí in Éirinn.
- Níl eagraíochtaí tráchtála, daoine aonair ná eagraíochtaí brabúis **incháilithe** le haghaidh maoiniú faoin gClár seo.
- Ní mór do gach iarratasóir na Téarmaí agus Coinníollacha mar a leagtar amach in Aguisín 1 a chomhlíonadh.
- Agus an fhoirm iarratais seo á cur isteach agat, ní mór duit dearbhú a dhéanamh go dtuigeann tú Téarmaí agus Coinníollacha Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath go hiomlán agus go nglacfaidh tú leis na Téarmaí agus Coinníollacha agus go gcomhlíonfaidh tú iad.
- Is é an **dáta don chaiteachas** nuair a chaithfear méid iomlán an deontais a bheith caite ná **31 Márta 2027.**

## Amlíne

- Is é an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach ná **13.00 an Aoine 20 Feabhra 2026.**
- Ní bhreithneofar ach iarratais lánchomhlánaithe agus incháilithe a chuirtear isteach ar líne roimh **13.00** an **Aoine 20 Feabhra 2026**.
- Táthar ag súil go gcuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais i mí an Mheithimh 2026.
- Ba chóir achomhairc i gcoinne cinntí a chur isteach laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an ríomhphoist maidir leis an toradh agus iad a sheoladh chuig community@dublincity.ie
- Is é an dáta don chaiteachas nuair a chaithfear méid iomlán an deontais a bheith caite ná **31 Márta 2027**. Ní mór aon mhaoiniú nach mbeidh caite faoin dáta sin a thabhairt ar ais do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## Seo a leanas samplaí de chaiteachas nach bhfuil incháilithe le haghaidh maoiniú faoin Scéim Deontas Pobail

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe le haghaidh maoinithe:

- Trealamh Spóirt Ginearálta
- Costais fostaíochta
- Táillí dlí
- Táillí bainistíochta tionscadail
- Ceannach tailte nó foirgneamh
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála
- Costais atá á n-íoc ag maoinitheoir eile

- Tionscadail nó seirbhísí nach bhfuil ar siúl laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus/nó nach dtéann chun tairbhe do dhaoine atá ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## Ceadanna Reachtúla

I gcás go n-éilítear aon chead reachtúil le hiarratas ar Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath, ceanglaítear ort a léiriú go bhfuil na ceadanna ábhartha agat nó gur chomhlíon tú na rialacháin ábhartha.

Má tá tú ag cur iarratas isteach ar mhaoiniú le húsáid chun athrú ábhartha a dhéanamh ar mhaoin/talamh príobháideach nó poiblí ar aon bhealach agus NACH le do ghrúpa an talamh/mhaoin, beidh toiliú i scríbhinn ón úinéir talún/maoine ag teastáil chomh maith le deimhniú go bhfuil ceadanna ábhartha faighte, má tá sé sin infheidhme.

## Critéir Roghnaithe

Caithfear go cothrom agus go neamhchlaonta le gach iarratas ar mhaoiniú a gheobhaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Scéim Deontas Pobail 2026. Déanfaidh foireann pobail limistéir áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ardbhainistíocht iarratais a mheas, agus déanfar moltaí le Coiste an Limistéir Áitiúil agus ina dhiaidh sin le cruinniú iomlán Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena meas agus lena bhfaomhadh.

Déanfar na hiarratais a mheas chun cothromaíocht thíreolaíoch a chinntiú i ndáileadh an mhaoinithe ar ghrúpaí agus/nó imeachtaí/gníomhaíochtaí/gníomhartha nó tionscadail éagsúla agus déanfar measúnú orthu bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a chuirtear ar fáil san Fhoirm Iarratais agus faoi na critéir seo a leanas:

- Tá doiciméid agus fianaise riachtanacha curtha ar fáil e.g. fianaise ar chostas, fianaise ar an easnamh, cead, díolúine, toiliú, (más bainteach)
- Achoimre a léiríonn an cumas atá ag an maoiniú deontais beartaithe dul chun tairbhe do cheann amháin nós níos mó de na réimsí agus téamaí tosaíochta agus
- Fianaise go bhfuil an eagraíocht/grúpa atá ag déanamh iarratais á rialú go cuí, agus go bhfuil dea-theist agus dea-chlú orthu.

## Próiseas Íocaíochta

- Tar éis chinneadh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, gheobhaidh gach iarratasóir faofa, faoi réir gnásanna dlí agus riachtanais eile a chomhlíonadh, tairiscint cúnaimh deontais i bprionsabal. Beidh sé seo faoi réir chomhlíonadh na dtéarmaí agus coinníollacha ábhartha agus faoi réir ghlacadh sásúil an iarratasóra leis an tairiscint seo.
- Ní gá don ghrúpa a chuireann iarratas isteach a bheith cláraithe chun críocha cánach ach amháin i gcásanna ina dtabharfaidh aon íocaíochtaí an maoiniú iomlán a fhaigheann grúpa amháin i dtréimhse 12 mhí go dtí méid níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh). Sna cásanna sin, beidh uimhir rochtana imréitigh cánach chomh maith le PSP/uimhir thagartha cánach ag teastáil.

## **Fógra Príobháideachais maidir le Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath**

Míníonn an fógra príobháideachais seo an chaoi a mbailímid, a n-úsáidimid, a roinnimid agus a choinnímid do shonraí pearsanta. Lena chois sin, leagtar amach san fhógra an bunús dlí lenár bpróiseáil agus soláthraítear ár sonraí teagmhála má bhíonn aon cheist agat.

### Cé Muidne?

Cuireann Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath tacaíocht uair sa bhliain ar fáil do réimse leathan grúpaí pobail, cónaithe, comhshaoil agus féilte ó cheann ceann na cathrach a éascaíonn tionscadail, imeachtaí agus gníomhaíochtaí chun ionchuimsiú sóisialta a spreagadh agus chun leas an phobail áitiúil atá lonnaithe i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó a fhreastalaíonn air.

### An Chúis le Próiseáil Sonraí Pearsanta?

Bailítear do chuid faisnéise ionas gur féidir linn d’iarratas ar líne chuig Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath a phróiseáil. Is próiseas iarratais ar líne amháin atá sa scéim seo. Ceanglaítear ar iarratasóirí clárú le Mol Saoránach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus leanúint lena n-iarratas trí ardán an Mhoil Shaoránaigh, áit a gcuirtear téarmaí agus coinníollacha na Scéime ar fáil freisin.

### Faisnéis atá ag Teastáil?

Tá an fhaisnéis a bhailímid teoranta do ‘shonraí pearsanta’ e.g. ainmneacha teagmhála, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha gutháin, a chuirtear ar fáil mar chuid de d’iarratas ar líne. Trí fhoirm iarratais a chur isteach, toilíonn tú go n-úsáidfimid sonraí pearsanta. Úsáidtear do shonraí pearsanta chun críocha d’iarratas a mheas. Is féidir toiliú a aistarraingt ag aon tráth i gcás go bhfuil próiseáil ag brath go hiomlán ar thoiliú uait.

### An Bunús Dlí chun Sonraí Pearsanta a Phróiseáil?

Foráiltear don bhunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ina luaitear an méid seo a leanas:

> 66 (1) (a) San alt seo, ciallaíonn “cúnamh airgid nó comhchineáil ar nós “deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cúnamh airgeadais eile”
>
> 66 (3) (a) “féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí _ a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn”
>
> 66 (3) (b) “Chun críocha an ailt seo, meastar beart, gníomhaíocht nó rud a bheith ag cur leasanna an phobail áitiúil chun cinn más rud é go gcuireann an beart, an ghníomhaíocht nó an ní sin, go díreach nó go neamhdhíreach, uilechuimsitheacht shóisialach nó forbairt shóisialach, eacnamaíochta, comhshaoil, áineasa, chultúrtha, pobail nó ghinearálta limistéar riaracháin... an údaráis áitiúil lena mbaineann nó an phobail áitiúil... chun cinn”.

### Faisnéis Phearsanta a Chomhroinnt?

Chun d’iarratas a phróiseáil go hiomlán, comhroinnfear an fhaisnéis a chuirfear ar fáil le:

- Foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Fhorbairt Pobail Áitiúil

- Agus/nó Ranna/Rannóga Inmheánacha eile de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de réir mar is cuí
- Ionadaithe Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Comhlachtaí deonacha agus aon chomhlachtaí údaraithe eile a d'fhéadfadh, inár dtuairim, cabhrú le d'iarratas a mheas.

## Tréimhse Choinneála?

Ní choinneoimid do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun an cuspóir ar bailíodh iad a chomhlíonadh. I gcás iarratasóirí rathúla, coinneoidh an Rannóg Forbartha Pobail agus Sóisialta a sonraí ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis an deonaithe a bhronnadh. I ndiaidh na tréimhse seo, déanfar aon doiciméid pháipéir a stialladh agus scriosfar gach taifead leictreonach go huathoibríoch.

Beidh rochtain theoranta ag baill foirne ainmnithe ar aon fhaisnéis atá sábháilte ar thiomántáin chomhroinnte.

I gcás iarratais nár éirigh leo nó iarratais neamhiomlána, coinneofar an fhaisnéis seo ar feadh tréimhse bliana i ndiaidh an cinneadh a ghlacadh, agus i ndiaidh na tréimhse sin, déanfar aon doiciméid pháipéir a stialladh agus scriosfar gach taifead leictreonach go huathoibríoch. Beidh rochtain theoranta ag baill foirne ainmnithe ar aon fhaisnéis i dtaca le hiarratais nár éirigh leo atá sábháilte ar thiomántáin chomhroinnte.

## Sonraí Teagmhála?

Chun tuilleadh faisnéis a fháil maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, déan teagmháil le Forbairt Pobail agus Shóisialta, Cultúr, Áineas Pobail agus Seirbhísí an Cheantair, Teil: 01 222 3405 nó Teil: 01 222 2192.

Tá sé de cheart agat cóip de do shonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fháil.

Tá sé de cheart agat freisin do shonraí pearsanta a athrú nó a bhaint i gcúinsí áirithe.

Chun rochtain a fháil ar do shonraí nó chun gearán a dhéanamh, déan teagmháil leis an Oifig Cosanta Sonraí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, Baile Átha Cliath 8, ríomhphost dataprotection@dublincity.ie nó Teil: 01 2223775.

Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar ár seoladh suímh idirlín http://www.dublincity.ie/privacy-statement.

Mar fhocal scoir, mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi a bhfreagraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'iarraidh, is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí trí ríomhphost info@dataprotection.ie, féach ar a suíomh idirlín chun tuilleadh eolais a fháil www.dataprotection.ie, nó scríobh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, D02 X963, Éire.

## Cuntasacht agus Rialachas Corparáideach

- Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh iarratasóirí rathúla na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasaíochta a chomhlíonadh mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe- Bainistíocht agus Cuntasaíocht Deontas ó Chistí an Stáit Circulars.gov.ie
- Is é an prionsabal foriomlán ná gur cheart go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann maidir le bainistiú cistí poiblí, de réir barainneachta, éifeachtachta agus éifeachtúlachta. Tugtar breac-chuntas sa chiorclán, mar shampla, nár cheart d'fhaighteoirí sócmhainní a bhfuil maoiniú poiblí á bhfail ina leith iad a dhiúscairt gan cead roimh ré.
- Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin tionscadail a fhaigheann maoiniú ón scéim deontais a iniúchadh agus a mheas.
- Ní mór do ghrúpaí a dhearbhú má tá siad ag fáil maoiniú ó aon fhoinsí eile

## Faisnéis Bhreise

- Níl aon teorainn ar an líon iarratas le haghaidh tionscadail éagsúla ó ghrúpa ar bith. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar an eolas, áfach, go mbeidh cur chuige cothromais/cothroime ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun dáileadh cothrom an mhaoinithe a chinntiú.
- Is é freagracht an iarratasóra deontais a chinntiú, agus an Scéim Deontais seo á úsáid chun imeacht/ gníomhaíocht / gníomh nó tionscadal a chómhaoiniú, nach sáraítear rialacha scéime/cláir eile. Más ábhartha, déan cinnte, le do thoil, go rachaidh tú i dteagmháil leis na riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoiniúcháin eile i ndáil leis seo.
- Ní mheasfar gur incháilithe ach tionscadail a chomhlíonann na critéir ar a bhfuil breac-chuntas thuas.
- Úsáid faisnéise - bainfear úsáid as an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ar an bhfoirm chun críocha an phróisis deontas a mheas agus a riar agus chun iniúchtaí agus aon chuairteanna ar an láthair a éascú. Nuair atá na hiarratais a fhaightear á meas Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, féadfaidh siad comhairle a iarraidh ó ghníomhaireachtaí eile agus dul i gcomhairle leo, agus féadfaidh siad faisnéis ar thionscadail faoi bhreithniú a nochtadh do na saineolaithe agus na gníomhaireachtaí sin.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath

Tionscnamh Náisiúnta é an Líonra Rannpháirtíochta Pobail chun líonra grúpaí pobail, ionchuimsithe shóisialta agus timpeallachta a chruthú a oibríonn laistigh de limistéar údaráis áitiúil. Is é aidhm an LRP ná chun grúpaí a chumhachtú agus cabhrú leo chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil. Oibríonn LRP Chathair Bhaile Átha Cliath i limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is é LRP Bhaile Átha Cliath an nasc lena gceanglaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le grúpaí pobail agus dheonacha, ionchuimsithe shóisialta agus timpeallachta. Cuirfidh LRP an méid seo a leanas ar fáil do ghrúpaí:

- Deiseanna chun tionchar a imirt ar chinnteoireacht

- Rochtain ar fhaisnéis – ar airgeadas, comhairliúcháin, forbairtí
- Oiliúint
- Deiseanna chun líonrú a dhéanamh le grúpaí eile
- Ionadaíocht phobail agus teagmháil eagraithe le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Is féidir le do ghrúpa nó d'eagraíocht clárú le LRP Bhaile Átha Cliath ag nasc

Má tá ceist ar bith agat nó má tá tú ag lorg tuilleadh faisnéis cuir ríomhphost chuig info@dublincityppn.ie nó lean suíomh idirlín LRP

## An chaoi le hiarratas a dhéanamh

Cinntigh, le do thoil, go léann tú an doiciméad seo in éineacht le Téarmaí agus Coinníollacha Scéim Deontas Limistéir Áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2026 atá leagtha amach in Aguisín 1 thíos.

Ní féidir glacadh le hiarratais ach ar líne ag na naisc seo a leanas:

- Foirm Iarratais ar Dheontas Pobail - Féin-iarratas

- Deontas Oideachas Aosach Neamhfhoirmiúil - Féin-iarratas

Ní mór d'iarratasóirí clárú le mol saoránach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun iarratas a chur isteach.

I ndiaidh duit do sheoladh ríomhphoist le haghaidh comhfhreagrais a chur isteach, beidh sé de chumas agat an fhoirm a shábháil ag tráth ar bith agus an fhoirm iarratais á comhlánú agat. Má shábhálann tú an fhoirm, cuirfear ríomhphost chugat ina míneofar conas leanúint le d'iarratas trí ardán an mhoil shaoránaigh, cuimhnigh le do thoil logáil isteach ar an Mol Saoránach chun d'fhoirm ar líne a chomhlánú.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach ná **13.00 an Aoine 20 Feabhra 2026.**

Ní bhreithneofar ach iarratais lánchomhlánaithe agus incháilithe a chuirtear isteach ar líne roimh **13.00 an Aoine 20 Feabhra 2026**.

Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus shínithe trí ríomhphost chuig community@dublincity.ie faoi **13.00 Dé hAoine an 20 Feabhra, 2026.**

## Aguisín 1 – Téarmaí agus Coinníollacha

1. Tacóidh Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath le heagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúsacha, pobalbhunaithe agus/nó atá san earnáil dheonach atá lonnaithe laistigh de theorainneacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste), le costais chaipitiúla agus costais oibriúcháin/reatha, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

2. Ní chuireann Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath maoiniú ar fáil chun foireann a íoc nó a fhostú. Áirítear le costais neamh-incháilithe costais foirne lárnacha, i.e. ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Pinsin.

3. Ní mór go rachadh iarratais ar Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath chun tairbhe do cheann amháin nó níos mó de na príomhréimsí agus príomhthéamaí tosaíochta.

4. Cuirfear maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúsacha, pobalbhunaithe agus/nó atá san earnáil dheonach atá lonnaithe laistigh de theorainneacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar fáil a bhíonn ar siúl i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó a théann chun tairbhe do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa limistéar sin.

5. Ní mór an fhaisnéis a chuirfidh an eagraíocht/grúpa iarratais ar fáil a bheith cruinn, iomlán agus deimhnithe le síniú. D'fhéadfadh go mbeadh dícháiliú agus/nó aisíoc aon deontais a bhronnfar mar thoradh ar mhífhaisnéis.

6. Chun an t-iarratas a phróiseáil, iarrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sonraí teagmhála an Chathaoirligh, an Rúnaí agus an Chisteora.

7. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin liosta na ndeontas go léir a bhronntar lena n-áirítear ainm an ghrúpa a fhaigheann an maoiniú agus suíomh ginearálta an ghrúpa a fhoilsiú.

8. Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cuairteanna neamhfhógartha suíomh a thabhairt chun a dhearbhú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha á gcomhlíonadh.

9. Is é freagracht gach grúpa a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus polasaithe cuí i bhfeidhm aige, lena n-áirítear árachas cuí nuair atá sin bainteach. Sa chás go n-éiríonn le grúpa, is gá slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith nótáilte ar do Pholasaí Dliteanais Phoiblí, i dtaca leis an deontas a fuarthas ó Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath.

10. Is féidir go n-iarrfaidh Comhairle Cathracha Bhaile Átha Cliath gach inneachar taifeadta beag beann ar a chineál (grianghrafadóireacht, físeán, etc.) lena fhoilsiú ar shuímh na meán sóisialta/nuachtlitreacha, etc. chun na deontais atá ar fáil agus a dámhadh a chur chun cinn. Is é freagracht an iarratasóra a chinntiú go gcloítear leis an RGCS agus go bhfuil toiliú tugtha maidir le foilsiú ag gach rannpháirtí san inneachar taifeadta a chuirtear isteach. Faoi réir an riachtanais go léireoidh gach deontaí go bhfuil toiliú scríofa acu ó thuismitheoirí/caomhnóirí chun gach inneachar taifeadta a úsáid agus a scaipeadh i ngach foirm (grianghraif, físeáin etc.) ina bhfuil cleithiúnaithe páiste le feiceáil, is féidir le deontaithe dul i mbun cumarsáide ag baint úsáid as meáin mheasctha a bhaineann lena dtionscnamh tionscnaimh agus/nó deontas.

11. Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 le gach taifead arna gcoimeád ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, féadfar sonraí atá in iarratais agus i gcáipéisí tacaíochta a nochtadh, ar iarratas, do thríú páirtithe. Má tá faisnéis i d'iarratas atá íogair nó faoi rún, sainaithin í le do thoil agus tabhair míniú cén fáth nár cheart í a nochtadh. Má fhaightear iarratas faisnéis íogair a nochtadh faoin reachtaíocht, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh a dhéanamh maidir leis an fhaisnéis a nochtadh nó gan í a nochtadh. Mura luaitear go bhfuil faisnéis ar leith íogair, d'fhéadfaí í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

12. Is é freagracht gach grúpa/eagraíochta atá ag déanamh iarratais a mheas an bhfuil an tseirbhís a chuireann siad ar fáil faoin gcatagóir seirbhís ábhartha de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Má mheasann an grúpa/eagraíocht atá ag déanamh iarratais go bhfuil an tseirbhís a chuireann siad ar fáil faoin gcatagóir seirbhís ábhartha de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá an grúpa/eagraíocht freagrach as na riachtanais go léir a bhaineann le Cumhdach Páistí de réir an Achta sin a chur bhfeidhm. Déan tagairt, le do thoil, do TUSLA chun a fháil amach cad a mheastar a bheith ina Seirbhís ábhartha faoin Acht ag https://www.tusla.ie/children-first/children-first-2017/relevant-services/

13. Ní mór d'Iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach cead nó toiliú faighte sula dtosófar ar aon oibreacha tógála, i gcásanna a bhfuil sé sin ag teastáil. Áirítear leis sin, toiliú úinéara/tiarna talún, toiliú réimse poiblí, ceadanna pleanála agus comhlíonadh rialaithe tógála ach níl sé teoranta dóibh.

14. Ní gá don ghrúpa a chuireann iarratas isteach a bheith cláraithe chun críocha cánach. Mar sin féin, ní mór d'aon ghrúpa a bhfuil iarratas á dhéanamh acu agus atá cláraithe chun críocha cánach a bheith cáin-chomhlíontach. De réir nósanna imeachta athbhreithnithe um imréiteach cánach, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) agus an Uimhir Thagartha Cánach a chur isteach ar mhaithe le deimhniú.

15. Ba chóir achomhairc i gcoinne cinntí a chur isteach laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an ríomhphoist maidir leis an toradh agus iad a sheoladh chuig community@dublincity.ie

16. Déanfar íocaíochtaí le hiarratasóirí rathúla in 2026 isteach i gcuntas bainc tiomnaithe an ghrúpa. Ní féidir íocaíochtaí a dhéanamh isteach i gcuntais phearsanta bainc.

17. Ní mór méid iomlán an deontais a chaitheamh ar an togra faofa.

18. Is é an Dáta don chaiteachas nuair a chaithfear méid iomlán an deontais a bheith caite ná **31 Márta 2027**. Ní mór aon mhaoiniú nach mbeidh caite faoin dáta sin a thabhairt ar ais do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

19. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin na cistí a thairgtear a athshannadh do thionscadal faofa eile mura gcomhlíontar ceann ar bith de na riachtanais laistigh de thréimhse shainithe.

20. Faoi rialacháin airgeadais, ní mór do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach íocaíocht a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid (RAA). Ní mór do gach iarratasóir rathúil Foirm RAA a chomhlánú agus a chur isteach in éineacht le sonraí bainc an ghrúpa ar bhealach tráthúil. Ní féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon íocaíochtaí a eisiúint a thabharfaidh maoiniú iomlán i dtréimhse 12 mhí go dtí méid níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) gan uimhir rochtana imréitigh cánach a fháil chomh maith le huimhir

PSP/uimhir thagartha cánach. Más bainteach, beidh sé riachtanach na sonraí sin a chur isteach freisin.

21. Caithfidh eagraíochtaí/grúpaí a mhaoinítear faoi Scéim Deontas Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2026, a gcaiteachas dearbhaithe a choinneáil go ceann 6 bliana ar chúiseanna iniúchta. Ní mór Fianaise ar chaiteachas, **admhálacha/sonraisc ar a gcomharthaíonn soláthraí gur íocadh iad**, a choinneáil agus a sholáthar do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar iarratas, in éineacht le tuairisc ghearr ar conas a chuaigh an tionscadal chun tairbhe do cheann amháin nó níos mó de na príomhréimsí nó príomhthéamaí tosaíochta.

22. Ní íocfar CBL ach sa chás go mbíonn sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon iarratais eile ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí CBL.

23. Ní mór Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a aithint go poiblí i ngach ábhar agus inneachar suímh gréasáin a bhaineann leis an deontas.

24. Ní ceadmhach an maoiniú a thairgfear a úsáid ach amháin le haghaidh na gcuspóirí a shonraítear san iarratas. De ghnáth, ní dhéanfar aon iarratais tríú páirtí nó idirmheánacha a mheas.

25. Tríd an iarratas seo a chur isteach, tá an eagraíocht/grúpa ag dearbhú nach bhfuil an maoiniú acu chun tabhairt faoin obair / gníomhaíocht / gníomh gan an chabhair dheontais seo nó, de rogha air sin, go mbainfidh an grúpa a chuireann an t-iarratas isteach úsáid as an deontas le tabhairt faoi thionscadal níos mó, nach mbeadh inacmhainne dóibh gan an maoiniú sin.

26. Ní mór an t-iarratas ar Scéim Deontas Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith údaraithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir na heagraíochta/an ghrúpa atá ag déanamh iarratais.

27. Is féidir tuilleadh faisnéise a iarraidh – coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin tuilleadh faisnéise a iarraidh ort chun an t-iarratas a mheas, más gá.

28. Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann d’eagraíocht/grúpa na riachtanais go léir atá luaite istigh anseo nó sna treoirlínte iarratais go hiomlán agus go gcuirtear isteach é tríd an gcuntas ar líne a chruthaítear mar chuid den phróiseas iarratais seo, laistigh den tréimhse infheidhme. Beidh aon teip theicneolaíochta nó cur isteach ar sheirbhísí idirlín a bhaineann le cur isteach an iarratais ar phriacal an iarratasóra agus ní ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le dliteanas ar bith má mhainnítear an t-iarratas a chur isteach nó má dhiúltaítear é mar gheall ar bheith curtha isteach go déanach.

29. Coinneofar faisnéis a chuirtear ar fáil i ngeall ar an iarratas seo go leictreonach. Chun an t-iarratas a phróiseáil féadfaidh sé a bheith riachtanach sonraí pearsanta a bhailiú uait. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aici féin tuilleadh faisnéise a iarraidh ort chun d’iarratas a mheas, más gá. Déanfar faisnéis dá leithéid a phróiseáil de réir an Ráitis Príobháideachta thuas.

30. Ní ghlacfar le hiarratais tríd an bpost, ní mór gach iarratas a chur isteach go leictreonach.

31. Má chuirtear faisnéis bhréagach nó mhíthreorach isteach ag céim ar bith, caithfear leis sin go han-dáiríre. D’fhéadfadh aon ghrúpa nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha

an Chláir seo a bheith faoi réir iniúchadh, nó d'fhéadfaí a dheontas a aistarraingt is d'fhéadfaí a cheangal orthu an deontas ar fad, nó cuid de, a aisíoc.